
























# 2018

# Tuarascáil Bhliantúil

Sláinte agus folláine an phobail a chothú trí shábháilteacht bia agus nósanna sláintiúla itheacháin a chur chun cinn ar oileán na hÉireann

## 2018 in aon amharc amháin

### Taighde

Díríonn ***safe*food,** agus sábháilteacht bia, cothú agus nósanna sláintiúla itheacháin á gcur chun cinn aige, ar an slabhra bia iomlán agus is amhlaidh i gcás ár dtaighde.

### Oideachas

Oibríonn ***safe*food** le geallsealbhóirí agus le comhpháirtithe chun acmhainní d'aoisghrúpaí éagsúla ar oileán na hÉireann a fhorbairt.

### Feachtais

Cuireann ***safe*food** teachtaireachtaí lárnacha na heagraíochta chun cinn do thomhaltóirí trí fheachtais chomhtháite cumarsáide.

### Líonraí

Cuireann líonraí ***safe*food** timpeallachtaí dinimiciúla agus tairbhiúla ar fáil chun eolas a mhalartú chun leas frithpháirteach páirtithe leasmhara.

### Imeachtaí

Trí imeachtaí ***safe*food** cuirtear ar chumas gairmithe eolas a roinnt agus sábháilteacht bia, sláinteachas bia agus teachtaireachtaí do thomhaltóirí a chur chun cinn.

### Oibríochtaí Corparáideacha

Tá ról tábhachtach ag Stiúrthóireacht na nOibríochtaí Corparáideacha ag tacú le seachadadh clár agus gníomhaíochtaí ar fud na heagraíochta.



# Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Bliain thábhachtach ab ea í seo ó thaobh imeachtaí foircneacha, idir stoirmeacha agus sneachta trom ag tús na bliana agus teochtaí foircneacha agus tonnta teasa sa samhradh. Is cinnte go mbeidh tionchar fadtéarmach ag athruithe ar an gcomhshaol ar ár ngaol le bia agus leis an soláthar bia.

Bhí éiginnteacht le sárú i mbliana leis, ó thaobh an Bhreatimeachta agus na dúshláin ar leith a chuir sé roimh chúrsaí bia ar an oileán. Mar sin féin, bhí *safe*food gníomhach an bhliain ar fad ag iarraidh sláinte an phobail ar oileán na hÉireann a fheabhsú i gcónaí.

Is ar ár dtaighde a bhunaítear obair na heagraíochta. Soláthraíonn ár dtaighde fianaise eolaíoch, cuireann sé bonn faoi bheartas na todhchaí agus cuireann sé eolas ar fáil don phobal ionas gur féidir leo roghanna níos eolacha a dhéanamh mar gheall ar an mbia a itheann siad. Taispeánann ár dtaighde
ar na sciartha bia a itheann páistí agus céatadán na ngrúpaí bia a itear go bhfuil go leor le déanamh fós le tuiscint a thabhairt do theaghlaigh ar an mbia a itheann siad. Gheofar léargas cabhrach ónar dtionscadal ar shónna bia do na chéad chéimeanna eile dár bhfeachtas START. I dteannta roinnt tionscadal taighde a thabhairt chun críche, coimisiúnaíodh roinnt tionscadal nua i mbliana, ar ábhair ar nós áiseanna agus cleachtais nite lámh; a shábháilte atá cócaráil sous vide, agus na bianna a bhíonn ar fáil do pháistí i spásanna sóisialta. Chomh maith le caireamh oibre tábhachtach uile-oileán a neartú, táim ag tnúth leis na torthaí as na tionscadail seo a bheidh idir lámha againn sna blianta amach romhainn.

Nuair a bunaíodh ár Líonra Eolais in 2011, bhí dóchas againn go bhfásfadh sé ina líonra gairmiúil a bheadh ina chabhair dóibh siúd a bhfuil spéis acu i,
nó cúram orthu as, sábháilteacht bia ar an oileán. Ag féachaint siar agus i bhfianaise staid an lae inniu, ba chinneadh cuí
fadréimseach é. Tá os cionn 3,000 ball anois sa Líonra agus tháinig geall le 250 ball nua isteach ann i mbliana. D'eagraíomar 30 imeacht mar chuid den Líonra i mbliana, agus tá sé ag leathnú amach chuig grúpaí nua i gcónaí. Dála an Fhóraim Uile-Oileán um Ghníomhú ar Mhurtall, cuirtear eolas tráthúil ar fáil trína imeachtaí débhliantúla i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath agus neartaíonn sé na naisc
idir 31 eagraíocht a bhfuil cúram orthu as dul i ngleic leis an murtall agus sláinte an phobail ar an oileán a fheabhsú.

At ***safe*food**, aithnímid an ról atá ag múinteoirí agus oidí ó thaobh cabhrú le páistí scileanna agus nósanna saoil a shealbhú. Cuirimid acmhainní praiticiúla oideachais ar fáil do gach earnáil scoile, ón réamhscolaíocht amach go dtí an mheánscoil. Ina measc siúd i mbliana bhí póstaeir in-athúsáide faoi ní na lámh
do pháistí faoi 5 bliana; bileoga
bosca lóin do pháisti bunscoile agus eolas ar lipéid do dhaltaí meánscoile. Mhéadaigh an trácht gréasáin ar ár mol oideachais ag safefood.eu de 44% i mbliana.

Feiceann mórchuid daoine poiblí safefood inár bhfeachtais fógraíochta agus margaíochta. Ba é seo an dara bliain inár bhfeachtas cúig bliana “START”, chun tacú le tuismitheoirí ar a n-aistear chun meáchan sláintiúil a bhaint amach i measc a bpáistí.

Sa chéim dheiridh dá bhfeachtas Ní na Lámh do pháistí faoi chúig bliana, chuireamar fáilte roimh 'Rufus the Messy Monster", carachtar le pearsantacht mhór a chuirfidh na páistí ag ní na lámh le spraoi. Tá an feachtas biantúil sábháilteachta bia um Nollaig ag dul ó neart go neart. Ba é an 25ú Nollaig an lá ba ghnóthaí ar ár suíomh gréasáin. Bhí méadú 55% ar an trácht suíomh gréasáin ar Nollaig 2017 agus d'úsáid os cionn 160,000 duine ár n-áiritheoir chun turcaí a chócaráil.

Is treoirscéim é ár bpleanáil agus ár straitéis chorparáideach don obair atá ar siúl chun sláinte agus folláine mhuintir an oileáin a fheabhsú, go háirithe iad siúd atá i mbaol a bheith ar bheagán bia. Tá idirghabhálacha ginearálta sláinte phoiblí i gceist sa chur chuige seo agus iad bunaithe ar theoiric agus ar chleachtas an athraithe ar iompar.

Údar imní i gcónaí is ea na dúshláin agus an éiginnteacht a bhaineann leis an mBreatimeacht, go háirithe i dtaca le soláthar bia, slándáil bia agus sábháilteacht bia. Ní raibh comhoibriú idir Thuaidh agus Theas riamh chomh tábhachtach.

Agus muid ag druidim leis an bhfichiú bliain de ***safe*food,** táimid meabhrach thar aon ní eile ar a thábhachtaí atá an cur chuige comhpháirtíochta i leith fadhbanna comhpháirteacha.

Thar ceann Bhord Comhairleach ***safe*food** agus mo chomhghleacaithe, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil eis na páirtithe leasmhara, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí a oibríonn linn agus táimid ag tnúth le díriú ar dhúshláin amach anseo.

**Raymond Dolan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# Ár dTaighde

Ceann de phríomhfheidhmeanna *safe*food ná ‘glacadh ginearálta a chur chun cinn n gur freagracht i bpáirt é idir táirgeoirí, próiseálaithe, dáileoirí ar gach leibhéal, lónadóirí agus an pobal i gcoitinne bia sábháilte a sholáthar.’ Chuige sin, cuireann *safe*food an slabhra iomlán bia san áireamh ina dhearcadh i leith taighde agus cinntíonn sé go mbíonn nasc idir ár gclár taighde agus ár bpríomhfheidhmeanna agus go dtacaítear leo.



Tugann ***safe*food** faoi chlár leathan taighde agus bailithe eolais chun díriú ar bhearnaí san eolas eolaíochta maidir le sábháilteacht bia, sláinteachas bia, cothú agus nósanna sláintiúla itheacháin.

Baintear úsáid as an taighde seo chun bonn fianaise a chur i dtoll a chéile chun cumarsáid a dhéanamh bunaithe ar eolaíocht shoiléir údarásach ábhartha neamhspleách, lena n-áirítear feachtais feasachta ***safe*food** atá dírithe ar an tomhaltóir. Cuireann an obair eolaíochta sin lenár dtuiscint ar na guaiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann i dtáirgeadh bia agus na bearta is gá chun na guaiseanna sin a íoslaghdú nó deireadh a chur leo.

Ag obair leis na príomh-gheallsealbhóirí in institiúidí taighde agus in institiúidí eile, á caidreamh oibre agus comhpháirtíochtaí breisithe cothaithe ag ***safe*food** idir institiúidí taighde ar fud an oileáin.

# Foramharc ar na tionscadail thaighde

## Tugadh na tionscadail thaighde seo a leanas chun críche i 2018.

### Cad atá ar phláta do pháiste? Méideanna sciartha bia agus cionroinnt na ngrúpaí bia difriúla a itheann páistí ar oileán na hÉireann.

Ba i gColáiste na hOllscoile Corcaigh a rinne an tionscadal taighde agus críochnaíodh é i mBealtaine 2018.

### Cén fáth a dtugann daoine fásta sónna bia do pháistí?

Ba sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath a rinneadh an tionscadal taighde agus críochnaíodh é i Meitheamh 2018.

### Tionscnamh um Chomparáid idir Leochaileachtaí sa slabhra táirge agus monaraíochta agraibhia ar oileán na hÉireann agus i rogha tíortha ECFE.

Ba sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath a rinneadh an tionscadal taighde agus críochnaíodh é i nDeireadh Fómhair 2018.

## Coimisiúnaíodh na tionscadail taighde seo a leanas in 2018

### Imscrúdú ar áiseanna agus cleachtais nite lámh in áiteanna éagsúla ar oileán na hÉireann.

In Ollscoil Uladh a dhéanfar an tionscadal seo. Fiche a ceathair mí a mhairfidh sé ó Bhealtaine 2018 go hAibreán 2020.

### Cad atá ar fáil? Bia dár bpáistí i spásanna sóisialta.

Sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath a dhéanfar an tionscadal seo. Dhá mhí dhéag a mhairfidh sé ó Dheireadh Fómhair 2018 go Deireadh Fómhair 2019.

### Uirlisí chun méid sciar bhia a rialú – an oibríonn siad i ndáiríre?

In Ollscoil Uladh a dhéanfar an tionscadal seo. Cúig mhí dhéag a mhairfidh sé ó Eanáir 2019 go hAibreán 2020.

### Measúnú ar a shábháilte atá cócaráil sous vide

Quadram Institute BioScience, Norwich, Ríocht Aontaithe a dhéanfaidh an tionscadal seo. Naoi mí a mhairfidh sé ó Dheireadh Fómhair 2018 go dtí Iúil 2019.

# Foilseacháin

D’fhoilsigh safefood seacht gcinn de thuarascálacha taighde i 2018

maidir le sábháilteacht bia agus nósanna sláintiúla itheacháin.

## Ailléirgin bia i mbianna réamhphacáisti the

Tá sé riachtanach go ndéanfaí lipéadú cruinn ar tháirgí bia réamhphacáilte chun go mbeidh na bianna sin sábháilte. Sa staidéar seo, roghnaíodh táirgí bia le hanailís ghlútain nó pis talún (an dá cheann uaireanta) a dhéanamh orthu bunaithe ar anailís ar tháirgí a aisghaireadh sa Ríocht Aontaithe agus in PÉ idir 2011 agus 2017.

## Stádas iaidín ar oileán na hÉireann

Sa tionscadal taighde seo, d’fhéachamar ar dhá eilimint, an chéad cheann a thug léargas ar stádas reatha iaidín i gcailíní óga ar oileán na hÉireann agus an dara ceann inar imscrúdaíodh treochtaí i stádas iaidín le himeacht ama le torthaí tástála ón hormón spreagtha tíoróídigh ó leanaí a saolaíodh ar oileán na hÉireann idir 2000 agus 2014. Tuairiscíodh sa tuarascáil go raibh dóthain iaidín ag an dá ghrúpa.

## Eolas agus scileanna sábháilteachta bia i measc FBManna ar oileán na hÉireann

Fiontair bheaga agus mheánmhéide is ea formhór na ngnólachtaí bia ar oileán na hÉireann. Má theipeann orthu táirgí sábháilteacht bia a mhonarú, a dháileadh agus a dhíol, caillfidh tomhaltóírí muinín iontu agus caillfidh siad a scair den mhargadh. Sa tuarascáil seo féachaint ar an méid eolais agus scileanna sábháilteachta bia atá ag lucht na bhfiontar beag agus meánmhéide i monarú bia agus dí, miondíol agus lónadóireacht ar oileán na hÉireann. Chabhraigh torthaí na tuarascála seo le *safe*food acmhainní agus uirlisí ar leith a fhorbairt d’earnáil bia na FBManna.

## Próifíliú rioscaí *Listeria* i mbianna réidh le hithe

Rinneadh an staidéar seo mar chomhlánú ar staidéar a fuair tacaíocht ó Roinn Talmhaíochta, Bia agus Muirí na hÉireann faoin mBeart Taighde d’Institiúidí Bia. Bhí sé mar aidhm leis an staidéar monatóireacht a dhéanamh ar mhinicíocht agus ar mharthanach *Listeria monocytogenes* i mbianna agus i saoráidí próiseála bia. Mar thoradh ar chlár taighde dlúthcheangailte, bhain an clár seo tairbhe as taithí na foirne in PÉ, agus cuireadh leis na sonraí a bailíodh le go bhféadfaí eolas ó gach cearn d’oileán na hÉireann a thiomsú agus a chur san áireamh.



## Lucht cothaithe, scriostóírí agus bróícéir an iontaoibh sa chóras bia

Le linn theagmhas criticiúil bia is féidir an bonn a bhaint d'iontaoibh an tomhaltóra sa chóras bia de bhrí go ndírítear ar an riosca méadaithe do shláinte agus do shábháilteacht agus tarraingítear anuas ceisteanna mar gheall ar a iomláine atá an slabhra soláthar bia. Is féidir go leanfaidh titim shuntasach sa ghearrthéarma ar líon na dtáirgí a dhíoltar a bhfuil baint acu leis an teagmhas. San fhadtéarma, is féidir go bhfeicfear méadú ar easpa iontaoibh sa chóras bia.

Scrúdaíodh sa tuarascáil seo na spriocanna agus na freagairtí ar theagmhais chriticiúla bia trí fhéachaint ar fhrithghníomhaíocht agus iompar trí chohórt de pháirtithe leasmhara – na meáin, lucht tionscail agus rialaitheoirí i staidéar cáilíochtúil.

## Slabhra soláthair déiríochta ar oileán na hÉireann a mhapáil

Ba é cuspóir an taighde seo anailís a dhéanamh ar an slabhra soláthair déiríochta sa dá dhlínse ar oileán na hÉireann chun cur síos cuimsitheach a thabhairt ar na páirtithe leasmhara atá bainteach i dtáirgí déiríochta a tháirgeadh, a phróiseáil agus a mhargú isteach agus amach as an oileán. San áireamh anseo bhí cuntas gearr ar na rialuithe gnó agus rialála atá i bhfeidhm ó cheann ceann an slabhra soláthair.

## Cad iad tuairimí tuismitheoirí ar bhaint den chíoch?

Tá sé tuairiscithe gur féidir leis an bhaint den chíoch a bheith taitneamhach agus dúshlánach araon do thuismitheoirí. Is é aidhm an taighde seo léargas a thabhairt ar fhíorthaithí agus braistintí tuismitheoirí. Cuirfidh na torthaí bonn faoi iarrachtaí ***safe*food** chun cabhrú le tuismitheoirí le baint den chíoch, go neamhfhoirmiúil agus ar leibhéal gairmiúil.

### Plean béilí 5 lá

D'fhoilsigh *safe*food bileog de phlean béilí 5 lá inar tugadh roghanna bricfeasta, lóin, snaiceanna agus dinnéir chun tacú le teachtaireacht fheachtas START. Mar chabhair do thuismitheoirí gnóthacha ní raibh ach sé chomhábhar i mbéile an tráthnóna, agus d'fhéadfaí é a ullmhú laistigh de 30 nóiméad. Cuireadh liosta siopadóireachta ar fáil mar áis do thuismitheoirí.

### In 2018, d'athphriontáil safefood na hacmhainní seo a mbíonn tóir orthu:

- Conas buidéal do linbh a ullmhú
- A bhfuil de shiúcra i ngránaigh - póstaer
- Boscaí lóin shláintiúla
- Suaiteoirí siúcra – a bhfuil de shiúcra agus de chaifín i ndeochanna fuinnimh
- Cairt duaiseanna START
- Bileog chur chun cinn an Líonra Eolais.



# ÁR **LÍONRAÍ**

Cuireann líonraí ***safe*****food** timpeallachtaí dinimiciúla agus tairbhiúla ar fáil chun eolas a mhalartú chun leas frithpháirteach páirtithe leasmhara.



# Líonra Eolais

Tá oibleagáid reachtúil ar *safe*food, feasacht a chur chun cinn ar shaincheisteanna sábháilteachta bia i measc gairmithe ar spéis leo nó a bhfuil cúram orthu as sábháilteacht bia, an tionscal bia san áireamh.

Tá nascaíochtaí cruthaithe agus breisithe ag an Líonra Eolais ar fud oileán na hÉireann idir gairmithe sábháilteachta bia ó cheann ceann an slabhra bia ó 2011. Díríonn an chéim reatha den Líonra Eolais atá ann ó bhí 2016 ann ar na hearnálacha bia seo a leanas:

**Déiríocht**

**Éineoil agus feoil bhán**

**Beathach ainmhithe**

**Feoil dhearg**

**Táirgí úra**

**Éisc agus sliogéisc**

Sna hearnálacha bia seo clúdaítear raon leathan topaicí sábháilteachta bia, lena n-áirítear:

- Saincheisteanna sábháilteachta bia ceimiceacha agus micribhitheolaíocha
- Topaicí maidir le táirgeadh agus próiseáil bia
- Gnóthaí trádála agus eacnamaíocha
- Calaois/coireacht bia
- Forbairtí nua i sábháilteacht bia
- An inbhuanaitheacht agus éifeachtaí an athraithe aeráide ar shábháilteacht bia

## An Líonra Eolais in 2018

**3,009 de bhallraíocht**

**247 bhall nua**

**Eagraíodh 30 imeacht den Líonra Eolais in 2018, agus bhí tuairim is 1,600 duine páirteach iontu**

**Uaslódáladh 623 mhír ar an suíomh Líonra Eolais agus tugadh 23,000 cuairt air**

**Foilsíodh 12 eagrán de ‘Network News’**

**Foilsíodh 13 eagrán de ‘The Food Chain’**

## Líonra Eolais a oibríonn le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBM)

Aithíonn ***safe*food** go bhfuil dúshláin ar leith le sárú ag fiontair bheaga agus mheánmhéide agus gnólacht bia á reachtáil acu. Is féidir nach bhfuil an saineolas sábháilteachta bia acu a d’fhéadfadh táirgeoir nó déantóir mór a fháil agus d’fhéadfadh aon amhras an gnó a scriosadh ar FBM. Chabhraigh torthaí an tionscadail taighde dar teideal ‘Food safety knowledge and skills among SMEs on the island of Ireland’ le ***safe*food** acmhainní agus uirlisí ar leith a cheapadh atá dírithe ar earnáil na FBManna.

Eagraíodh deich gceadlann ar fud oileán na hÉireann chun comhairle phraiticiúil a sholáthar an tslí le bia a tháirgeadh go sábháilte. ‘Knowledge is Power – what you need to know to produce safe food for the consumer’ ab ainm do na ceardlanna agus chlúdaigh siad:

- An t-eolas is gá faoi bhaictéir agus conas iad a rialú chun go mbeidh do chustaiméirí sábháilte
- Táirgí glantachain sláinteacha a roghú agus a úsáid
- Inrianaitheacht an tslabhra soláthair a bhainistiú
- Ailléirginí agus lipeadú bia a bhainistiú

Eagraíodh dhá cheardlann eile dar teideal ‘Food safety: helping you to get it right were held to assist SMEs working in the food sector to handle food safely.

D’óstáil ***safe*food**, i gcomhpháirtíocht le hOifigí Áitiúla Fiontair / Slabhra Bia Bhaile Átha Cliath seimineár ar leith do FBManna dírithe ar ghnólachtáí bia ar chéim thosaigh agus dóibh siúd atá i mbun oibre faoi bhun 36 mhí. Díríodh sa cheardlann seo ar tháirgeoirí bia, agus orthu siúd a bhfuil smaoineamh acu do tháirge bia agus clúdaíodh sa cheardlann topaicí ar nós roghanna tacaíochta gnó, oiliúint in ailléirgíní agus cuireadh seisiúin meantóireachta grúpa ar fáil, ag díriú ar HACCP, airgeadas agus margaíocht / brandáil.

Tuigeann ***safe*food** nach mbíonn dóthain foirne i gcónaí ag FBManna áirithe chun ball foirne a scaoileadh le freastal ar chúrsa oiliúna.
Chuige sin, óstálann an Líonra Eolais seisiúin ghréasáin go rialta agus cruthaítear físeáin oiliúna a bhíoonn ar fáil i gcónaí.

## Clár oiliúna agus soghluaisteachta

Is é cuspóir an Chláir Oiliúna agus Shoghluaiseachta a chumasú do bhaill an Líonra Eolais cur lena gcuid scileanna agus lena saineolas agus nascaíochtaí a chruthú idir na grúpaí éagsúla atá ag gabháil do shábháilteacht bia ar oileán na hÉireann. Féadann baill cuairt a thabhairt ar shaotharlanna eile, freastal ar chomhdhálacha, ar lárionaid feabhais agus ar imeachtaí oiliúna eile a bhaineann le sábháilteacht bia. Cuireann *safe*food malartuithe agus cuairteanna trasteorann agus trasearnála chun cinn go láidir.

Chonacthas fás leanúnach in 2018 ó bhlianta roimhe sin i líon na n-iarratas chuig an gClár Oiliúna agus Soghluaiseachta. Thaistil rannpháirtithe go tíortha ar fud an AE agus go dtí SAM. Bhain formhór na n-iarratasóirí leis an earnáil phoiblí, .i. lucht na n-acadamh, na saotharlann agus an Roinn Talmhaíochta.
Bhí líon beag i láthair ón earnáil phríobháideach, a raibh dlúthnaisc acu le sábháilteacht bia san agraibhia.

## Oiliúint i dtaca le hailléirginí ón Lionra Eolais

In 2018, lean *safe*food d'eolas cruinn a chur ar fáil ar ailléirginí bia don phobal agus do ghnólachtaí bia trína líne chabhrach agus a shuíomh gréasáin agus trí dheiseanna chun an topaic seo a chur i láthair do ghrúpaí éagsúla ar oileán na hÉireann. Bhí réitigh phraicitiúla á gcur ar fáil againn i gcónaí do ghnólachtaí bia chun cabhrú leo ailléirginí bia a bhainistiú agus a gcustaiméirí atá leochaileach do bhianna áirithe a chosaint.

Eagraíodh sraith de dheich gceardlann oiliúna ar chúrsaí sábháilteachta do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide faoi choimirce Líonra Eolais *safe*food i gcomhpháirtíocht le Teagasc, An Chloch Liath agus an Coláiste Talmhaíochta, Bia agus Fiontair Thuaithe i gCo. Thír Eoghain. Eagraíodh ceardlann i Mainistir Fhear Maí, Cloch na Coille,Cill Áirne, Sligeach, Béal Átha an Rí, An Muileann gCearr, Ros Mhic Thriúin, Doire, Béal Feirste agus Baile Átha Cliath. Ceann de na hábhair a pléadh ag na ceardlanna seo ab ea bainistiú ailléirgíní bia agus mar ab amhlaidh i mblianta roimhe seo, cuireann raon leathan gnólachtaí lónadóireachta agus monaraíochta bia spéis san ábhar seo.

Thaispeáin taighde a rinne an Ghníomhaireacht Caighdeán Bia agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann go mbíonn sé deacair ar lónadóirí i gcónaí an reachtaíocht reatha faoi ailléirgíní bia a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, is beag comhsheasmhacht atá ann ó thaobh díriú ar bhainistíocht ailléirginí i gcoláistí agus institiúidí éagsúla ar oileán na hÉireann. I bhfianaise a dheacra a bhíonn sé ar lónadóirí agus ar phearsanra eile seirbhíse bia ailléirginí bia a bhainistiú, chuaigh *safe*food i mbun oibre le sé choláiste Breisoideachais agus Ardoideachais

In TÉ chun sraith máistir-ranganna ar ailléirgí bia a sholáthar do mhic léinn ar chúrsai lónadóireachta agus fáilteachais idir leibhéal 1 agus leibhéal 3. Ba é cuspóir na máistir-ranganna feabhsú a dhéanamh ar fheasacht agus ar thuiscint ar ailléirginí bia in earnáil na seirbhíse bia agus cabhrú le mic léinn tuiscint a fháil ar an bhfáth nach féidir ailléirginí bia a rialú ach go gcaithfidh sé bheith ina dhlúthchuid de chleachtais oibre lónadóireachta. Cuireadh na máistir-ranganna ar fáil i gcompháirtíocht leis an nGníomhaireacht Caighdeán Bia in TÉ agus i gcomhar le Gluten Free Ireland. Cuireadh 12 mháistir-rang ar fáil sna coláistí seo.

Rinneadh tuilleadh dul chun cinn in iarrachtaí ***safe*food** chun sláinte tomhaltóirí bia fíorleochaileacha a chosaint agus cabhrú le gnólachtaí bia ailléirginí bia a bhainistiú in 2018 trí bheith páirteach in dhá cheann de ghrúpaí oibre de chuid Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Sa chéad cheann féachadh ar an measúnú riosca ar ailléirginí bia neamhdhearbhaithe in Éirinn. Ba é sprioc an ghrúpa seo comhairle eolaíoch a sholáthar don Údarás ar na hionchuir shonraí is gá chun measúnú riosca a dhéanamh ar ailléirginí neamhdhearbhaithe i mbia chun bainistíocht chomhréireach riosca a dhéánamh ar mhaithe le sláinte an phobail a chosaint. Cuirfear tuarascáil deiridh faoi bhráid Choiste Eolaíochta an FSAI in 2019. Chuaigh an dara grúpa oibre d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann i mbun oibre sa cheathrú ráithe de 2018 agus díríodh ar dhearbhaithe ailléirgine i mbia neamhphacáistithe. Scrúdaigh an grúpa an dul chun cinn a rinneadh chun gnólachtaí bia a spreagadh chun riachtanais maidir le dearbhú ailléirgíní ar bhia neamhphacáistithe a chomhlíonadh, agus na slite ina bhféadfaí comhlíonadh agus cruinneas na lipéad ailléirgéine a fheabhsú.
Leanfaidh an grúpa oibre seo isteach in 2019.

# Tionscnamh bia pobail

Maoiníonn safefood grúpa tionscadal pobalbhunaithe ar oileán na hÉireann faoin teideal 'Clár Bia Pobail'. Ba é 2018 an tríú bliain de chlár trí bliana de Chláir Bia Pobail. Is é cuspóir an chláir an teacht ar bhia sláintiúil sábháilte a mheadú i gceantair atá ar bheagán teacht isteach, le cur chuige forbartha pobail. In 2018 chuir 13 eagraíocht pobail, naoi gcinn in PÉ agus ceithre cinn in TÉ, an clár Bia Pobail i bhfeidhm.

Tháinig téarma na gClár Bia Pobail reatha chun deiridh i samhradh 2018. Ó thosaigh an clár in 2008, fuair 30 pobal ar fud oileán na hÉireann cistiú *safe***food**. I mí Lúnasa tosaíodh ag earcú an chéad téarma eile de Chláir Bia Pobail (2019-2021). Tá meastóireacht déanta ar chlár 2016-2018.

# Fóram Gníomhaíochta Uile-oileán ar Mhurtall

Bunaíodh an fóram gníomhaíochta uile-oileán ar mhurtall i Nollaig 2008 agus seoldh é go hoifigiúil in Aibreán Is é ról an fhóraim tacú le cur i bhfeidhm na mbeartas murtaill ar oileán na hÉireann. Tugann an fóram raon geallsealbhóirí le chéile ó 31 eagraíocht. an bhia agus na gníomhaíochta fisicúla Gníomhaíocht a thagann na baill. Trí mhalartú dea-chleachtais a éascú agus trí líonrú agus comhoibriú, soláthraíonn an fóram ardán idéalach le haghaidh comhpháirtithe agus oibriú comhghreamaitheach

Foilsítear ríomhfheasachán dar teideal 'All-island obesity news' mar thaca leis an bhfóram, ina gcuirtear comhroinnt eolais chun cinn mar aon le dea-chleachtas a mhalartú, agus tugtar forléargas ar an taighde reatha, clúdach nuachta, imeachtaí agus tuairisci ar mhurtall. Seoladh an ríomhlitir athdheartha i mí Aibreáin agus ó shin cuireadh 12 feasachán amach chuig 500 síntiúisóir.

Ba é topaic chéad cheardlann Uile-Éireann ar an Murtall in 2018 téama na 'huillinne' mar choincheap chun iompraíocht a athrú go dearfach maidir le sláinte agus folláinte agus chun meáchan sláintiúil a chur chun cinn. D'éist os cionn 120 toscaire leis an Ollamh Theresa Marteau ó Ollscoil Cambridge ag caint ar an spreagadh a thugann athdhearadh na timpeallachta d'athrú iompraíochta i leith dul i ngleic le murtall. Rinne an Dr Fiona Geaney cur i láthair ar 'uillinn dhigiteach" maidir le roghanna bia ag an obair agus thug an Dr. Damien Bennett as an nGníomhaireacht Sláinte Pobail cur i láthair ar chás-staidéar ar 'an staighre a roghnú'.

Cuireadh béim sa dara ceardlann den Fhóram Uile-Éireann ar Ghníomhú maidir le Murtall in 2018 an tionchar dearfach a fhéadfaidh a bheith ag atheagar na dtimpeallachtaí murtallaigineacha ó thaobh meáchan sláintiúil a bhaint amach. Ar na haoichainteoirí bhí an Dr Barry Lamb ón Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge a phléigh an tslí a bhfuil gníomhaíocht fhisiciúil ruaigthe againn as an saol laethúil . Thug an tOllamh Cúnta Eileen Gibney, as an gColáiste Ollscoile Baile Átha Cliath forléargas ar bhuntáistí agus ar dhúshláin neartú bia. Labhair an Dr Claire Cleland as Ollscoil na Banríona Béal Feirste ar a torthaí taighde maidir le tionchar athstruchtúrú comhshaoil ar shláinte agus ar fholláine an phobail. Thug an Dr. Celine Murrin as an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, cás-staidéar mar gheall ar thionscnamh chun deochanna fiosaí a bhaint den champas.



# Lionra Uile-Oileáin um Thearcrochtain ar Bhia

Fadhb shuntasach do mhórchuid daoine ar oileán na hÉireann is ea tearcrochtain bia, nó easpa cumais chun aiste bia atá leordhóthanach ó thaobh an chothaithe, a cheannach.

Cé gur fadhb mhór é an praghas atá ar bhia sláintiúil, is ceist chasta í an neamhchumas aiste bia sláintiúil a cheannach a bhfuil baint aici le cúrsaí oideachais, iompair, litearthachta, cultúir agus pleanáil chomhshaoil. Tá an tearcrochtain ar bhia ina thoradh eile ar chinnteoirí ginearálta sláinte, ar nós droch-thithíocht, eisiamh sóisialta agus ardrátaí coireachta.




Tá ***safe*food**, i dteannta geallsealbhóirí eile ar oileán na hÉireann ag díriú ar fhadhb na tearcrochtana ar bhia trí abhcóideacht, an bonn fianaise a mhéadú agus tacú le tionscnaimh pobail.

Bunaíodh an líonra in 2009 agus tá sé faoi cheannas ***safe*food** agus an Ghníomhaireacht Caighdeán Bia in TÉ. Is é aidhm an Líonra tacú le cur chuige comhordaithe straitéiseach i leith dul i ngleic le tearcrochtain ar bhia ar oileán na hÉireann trí theacht ar chomhthoil maidir le ceisteanna gaolmhara, comhoibriú agus foghlaim i bpáirt.

Tugadh an teideal 'Food for though' ar an gceathrú comhdháil bhliantúil. Ag an imeacht, comhroinneadh léargas nua, an taighde is déanaí agus scrúdaíodh réitigh ar éagothroime agus tearcrochtain ar bhia. Leag aoichainteoirí béim ar an obair atá déanta ar oileán na hÉireann le hollmhargaí sóisialta agus a thábhachtaí thar aon ní eile atá comhoibriú idir an dá dhlínse.

Athbhreithníodh na dúshláin a bhíonn le sárú ag teaghlaigh gan dídean i gcóiríocht éigeandála maidir le teacht ar bhia agus a sláinte chothaitheach. Sna cuir i láthair, scrúdaíodh a thábhachtaí atá sé dul chun cainte le daoine atá gan dídean faoina dtaithí ar bhia agus conas a bhfolláine a bharrfheabhsú.

Eisíodh dhá ríomhfheasachán in 2018 ón Líonra Eolais Bia do 150 síntiúsóir nó geall leis.



# Comhpháirtíocht i mbun oibre

Mar chomhlacht Thuaidh/Theas féachann *safe*food le hobair chomhpháirtíochta a chur chun cinn. Cibé inár bhfeachtais chumarsáide, i dtaighde eolaíochta nó i líonraí gairmiúla tá buntáistí iomadúla ag ár gcur chuige comhpháirtíochta agus cothaíonn sé caidreamh fadtéarmach ar oileán na hÉireann.

In 2017, d'fhoilsigh *safe*food, an Ghníomhaireacht Sláinte Pobail agus an Ghníomhaireacht Caighdeán Bia na híoschaighdeáin chothaitheacha maidir le lónadóireacht sna réimsí sláinte agus cúram sóisialta in TÉ. Tacóidh na caighdeáin seo le daoine a oibríonn i ngnólachtaí lónadóireachta sa tseirbhís sláinte agus ar mian leo rogha bia inacmhainne, sláintiúil agus inbhuanaithe bia a thairiscint do thomhaltóirí. Thug *safe*food**,** ina cháil mar chomhlacht Thuaidh/Theas saineolas ón tionscadal seo agus comhroinneadh an t-eolas seo le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
In PÉ, ina bhfuiltear ag súil le caighdeáin a fhoilsiú in 2019.

Trí bhéim a chur ar ról *safe*food chun obair i bpáirt a chur chun cinn ar fud TÉ agus PÉ, beidh beartas díoltóra an FSS ina bhonn le forbairt bheartas díoltóra do shuíomhanna sláinte agus socruithe cúram sláinte in TÉ.

Cuid rialta d'obair *safe*food is ea eolas a thabhairt do chomhairliúcháin páirtithe leasmhara. In 2018
iarradh ar *safe*food a bheith páirteach i gcomhairliúchán a thionscain Tusla
ar dhréacht den chreat rialála cáilíochta a thacódh le rialacháin cúram leanaí 2016.

Lean *safe*food de chomhpháirtíochtaí a fhorbairt le raon leathan eagraíochtaí chun breisluach a chur lenár gcomhairle maidir le sábháilteacht bia agus nósanna sláintiúla itheacháin. Chumasaigh de chomhaontuithe tábhachtacha do *safe*food acmhainní ábhartha a thabhairt go díreach chuig pobail ar fud oileán na hÉireann. Mar shampla, i bhfeachtas tuismitheoireachta START bhí na príomh-chomhpháirtithe in TÉ agus in PÉ páirteach sa chéim forbartha chomhchruthaithe. In PÉ, eagraíodh cruinnithe mionteagaisc roimh an fheachtais le Ardbhainisteoirí FSS agus Cumarsáide atá ag obair i ranna sláinte & folláine, Éire Shláintiúil,
agus le foirne cumarsáide an chláir Gníomhaíocht Shláintiúil Itheacháin agus Stíl Mhaireachtála sular seoladh an feachtas. Tá acmhainní STARTar fáil saor in aisce trí shuíomh gréasáin an FSS, www.healthpromotion.ie. In TÉ, bhí cruinnithe duine le duine ann
leis an bhfoireann cúram sóisialta Luathbhlianta a bhfuil freagracht iomlán orthu as Sure Starts. Tá an fhoireann claochlaithe luath-idirghabhála sa Chomhaontas Sláinte Phoiblí agus tá deiseanna á scrúdú faoi láthair faoin tslí le bheith i bpáirt le cúntóirí cúram sláinte ar an talamh. Tá acmhainní START
ar fáil anois i dtrí cinn de na cúig iontaobhas cúram sóisialta sláinte in TÉ trína seirbhís acmhainne agus eolas cumarsáide.



# ÁR nIMEACHTAÍ

Is léiriú iad ár n-imeachtaí gairmiúla agus poiblí ar ár gcur chuige i leith eolas a chomhroinnt, caidreamh a chothú agus comhairle phraiticiúil a thairiscint.



# Cruinniú mullaigh i mBéal Feirste ar iomláine dhomhanda bia

Mheall an chomhdháil idirnáisiúnta ceithre lá seo a d'óstáil ***safe*food**. Ollscoil na Banríona Béal Feirste agus Ollscoil Laval 620 toscaire ó 49 dtír. Díríodh ar cheithre théama ar leith:

- Éilliú bia d'aon turas
- Bagairtí miocróbach ar bhia
- Nochtadh do cheimiceáin iolracha
- Riachtanais chothaitheacha sa 21ú haois.

Ba é an Dr John Bell, Ard-Stiúrthóireacht Taighde & Nuála, an Coimisiún Eorpach. I measc na ndaoine a rinne cur i láthair bhí an Dr. Amy Kircher as an Food Protection and Defense Institute, SAM agus an tOllamh Jorgen Schlundt as Ollscoil Teicneolaiochta Nanyang, Singeapór agus Ms Renata Clarke d'Eagraíocht Bia agus Talmhaiochta na Náisiún Aontaithe. Eagraíodh imeacht de Líonra Eolais ***safe*food** le linn na comhdhála. Chuir sé an lionrú chun cinn go háirithe i measc na mball ó TÉ, agus d'óstáil an Dr. Marty Jopson de 'The One Show' ar an BBC.

Choimisiúnaigh ***safe*food**, i gcomhar le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste, na hiriseoirí bia Nick Hughes agus David Burrows chun ailt straitéiseacha a scríobh bunaithe ar phríomhthéamaí na comhdhála agus ar roinnt agallamh le haoichainteoirí. Scaipeadh na hailt sin ar dhéantóirí beartas agus orthu siúd atá ag obair i réimse an bhia.

# Seó Balmoral

Gné thábhachtach sa 16ú bliain as a chéile de sheó Balmoral ab ea taispeántas ***safe*food** ar a fheachtas nua START. Ba é aidhm an tseastáin feasacht a mhúscailt mar gheall ar an bhfeachtas agus aird an sprioclucht féachana a mhealladh. Díríodh ag an seastán ar an taighde a thaispeáin go gcaitear suas le 25% d'airgead bia líon tí ar shónna bia seachas ar thorthaí agus ar ghlasraí. Le linn na comhdhála ceithre lá sin, scaipeadh 2,000 cóip den scéim béile cúig lá as a chéile chun cabhrú le tuismitheoirí gnóthacha béilte sláintiúla a phleanáil.

Ar sheastán ***safe*food** bhí cluiche mór Nathracha agus Dréimrí a úsáideadh chun aird a dhíriú ar na seacht bpríomhtheachtaireacht chun slí mhaireachtála níos sláintiúla a bhaint amach. Ag an seastán bhí balla ceithre thaobh ar a raibh quiz faoi dheochanna siúcrúla, quiz faoi nósanna itheacháin sláintiúla agus dúshlán gníomhaíochta fisicí. Teaghlaigh a chríochnaigh na gníomhaíochtaí éagsúla, spreagadh iad le gealltanas teaghlaigh a dhéanamh ar bhalla na ngealltanas.




# Healthfest

Ócáid spraíúil eolais is ea Healthfest, atá ar siúl anois le trí bliana, agus bíonn cuid de na saineolaithe sláinte is mó le rá in PÉ i láthair aige. Moltar nósanna sláintiúla do dhaltaí scoile, anois agus feasta. Is é aidhm Healthfest deis a thabhairt do mhic léinn foghlaim mar gheall ar bhuntáistí nósanna sláintiúla itheacháin, na haclaíochta fisiciúla agus a thábhachtaí atá sé cúram a dhéanamh de mheabhairshláinte.

D'fhreastail 3,000 dalta idirbhliana agus a múinteoirí ar an ócáid i mBaile Átha Cliath. Chuir ***safe*food** na daltaí ar an eolas faoina bhfuil de shiúcra i ndeochanna fuinnimh.

# ÁR nOIDEACHAS

Tá sé tábhachtach go gcuirfí oideachas ar dhaoine óga maidir lena thábhachtaí atá sábháilteacht bia, sláinteachas bia agus cothú. Aithníonn *safe*food go bhfuil ról riachtanach ag múinteoirí i dtaca le nósanna feadh an tsaoil a chothú i ndaoine óga.



Déantar acmhainní saora idirghníomhacha oideachais *safe*food, atá ar fáil trína shuíomh gréasáin agus a gcuirtear ábhar priontáilte mar thaca leo, a athbhreithniú go rialta le cinntiú go mbíonn a bhfuil iontu suas chun dáta agus ábhartha.

In 2018, díríodh thar aon ní eile ar acmhainní oideachais atá ann cheana a chur chun cinn, lena n-áirítear:



## MediaWise

Páistí bunscoile a threalmhú leis an scil saoil a bheidh uathu chun ciall a bhaint as na foirmeacha éagsúla meán atá ar fáil dóibh.




## Bileog bosca lóin

Cuirtear ar fáil é do bhunscoileanna chun leideanna praiticiúla a sholáthar ar an tslí le lón sláintiúil a ullmhú.



## Ní na lámh

I bpacaí do pháistí réamhscoile tá bileog d’fhoireann réamhscoile mar gheall ar an bhfeachtas, póstaer don seomra foirne, póstaeir in-athúsáide do sheomraí folctha agus póstaer do thuismitheoirí le crochadh ag an mbaile chun dea-nósanna nite lámh a chur chun cinn. Scaipeadh na pacaí seo ar Luath-Óige Éireann in PÉ agus ar Early Years, an eagraíocht do pháistí óga in TÉ.




## Greamanna Beaga

Mol eolais agus acmhainní ar líne do sholáthraithe cúram luath-óige ar thopaicí ar nós béilí agus snaiceanna cothaitheacha, rialacháin mar gheall ar bhia agus sláinte, tacú le timpeallachtaí foghlama do pháistí óga.



# Céard a bhíonn ar lipéad?

Acmhainní do dhaltaí meánscoile ar an tslí ie lipéid bhia a léamh ionas go mbeidh tionchar dearfach acu ar na cineálacha bia a roghnaíonn siad.




# *safe*food ar feadh an tsaoil

Acmhainn idirbhliana do PÉ chun oideachas a chur ar dhaltaí mar gheall ar shláinteachtas bia agus chun Pointí Rialaithe Criticiúla Anailís ar Ghuais (HACCP), a úsáidtear i dtionscal na lónadóireachta a chur ina láthair. Daltaí a n-éiríonn leo sa scrúdú seo faigheann siad cáilíochta a aithnítear sa tionscal.



# ÁR bhFEACHTAIS

Cuirtear ár bpríomhtheachtaireachtaí i dtaobh sábháilteacht bia, sláinteachas bia agus cothú ar fáil ar an slite seo a leanas: fógraíocht, caidreamh poiblí, margú díreach, meáin dhigiteacha agus shóisialta, imeachtaí, foilseacháin, urraíocht agus suíomh gréasáin *safe*food.



# Murtall i bpáistí

Chuaigh ár bhfeachtas cúig bliana dar teideal 'START' ar an aer in Aibreán agus i nDeireadh Fómhair 2018. Is é aidhm atá leis meáchan sláintiúil a chur chun cinn i measc páistí. Is iad na comhpháirtithe san fheachtas Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Éire Shláintiúil, an Ghníomhaireacht Sláinte Pobail agus an Roinn Sláinte TÉ.

Thacaigh an tAire Stáit Catherine Byrne T.D. le céim mhí Aibreáin, agus cuireadh ar fáil é in PÉ ar an teilifís, ar raidió agus ar chainéil dhigiteacha/sóisialta. Baineadh úsáid as sonraí margaidh ar an méid a chaitheann tuismitheoirí ar shónna bia do pháistí i gcomparáid leis an méid a chaitear ar thorthaí agus ar ghlasraí chun aird a dhíriú ar an gcuid seo den fheachtas. Baineadh leas as póstaeir agus teachtaireachtaí, leis, i dtaispeántas torthaí agus glasraí Bhord Bhia ag Féile Bloom.

Léirítear go soiléir ar an ábhar clóite go laghdaíonn sé an baol mortlaíochta ó gach cúis, galar cardashoitheach agus ailsí áirithe torthaí agus glasraí a ithe.
Taispeánann an taighde go gcaitear suas leis an gcúigiú cuid (19%) de mheánchaiteachas teaghlaigh ar bhia ar "shónna bia" ardphróiseáilte, amhail criospaí, seacláidí agus milseáin. I gcomparáid leis sin, ní chaitear ach 10% ar thorthaí agus 7% ar ghlasraí in PÉ. In TÉ bhí an staid mórán mar an gcéanna. Caitheadh aon cheathrú (24%) de mheánchaiteachas teaghlaigh ar bhia ar "shónna bia" ardphróiseáilte, i gcomparáid le 10% ar thorthaí agus 7% ar ghlasraí agus ar shailéid ullmhaithe.

I gcéim Dheireadh Fómhair, thugamar teachtaireachtaí mar gheall ar am scáileáin a laghdú agus bheith níos gníomhaí mar theaghlach. Léiríonn an taighde go mbíonn tionchar ag barraíocht ama scáileáin ar leibhéil ghníomhaíochta páistí, ar a n-aiste bia agus ar a nósanna codlata.

Úsáideadh an nath 'Pause for Play' ó thús deireadh an fheachtais chun tuismitheoirí a spreagadh le ham scáileáin a laghdú agus a bheith níos gníomhaí lena gcuid páistí, agus malairtí súgartha ar am scáileán a cheapadh. Díríodh ar an súgradh chun páistí a spreagadh le bheith gníomhach lasmuigh d'aon ghníomhaíochtaí eagraithe atá ar bun acu. Tástáladh na teachtaireachtaí i ngach feachtas i dtús báire le fócasghrúpaí.

Craoladh an fógra teilifíse ó 2017 i dteannta fógra nua raidió inar tugadh raidhse comhairle do thuismitheoirí ar an tslí le ham scáileáin a laghdú. D'óstáil suíomh gréasáin START físeáin ó shaineolaithe, cluichí gníomhacha a d'oirfeadh do theaghlaigh (agus

na rialach!) agus ‘Play Pact” mar a hféadfadh teaghlaigh athruithe ar am scáileáin agus méadu ar ghníomhaíocht fhisiciúil a aontú eatarthu féin. Tacaíodh leis an bhfeachtas ar ár gcainéil shóisialta agus inár gcaidreamh leis an bpobal.

Léiríonn an taighde go mbíonn tionchar ag barraíocht ama scáileáin ar leibhéil ghníomhaíochta páistí, ar a n-aiste bia agus ar a nósanna codlata. Páistí a chaitheann an-chuid ama ar scáileáin, de ghnáth ní fhaigheann siad dóthain am codlata, is gnách leo innéacs corpmhaise níos airde a bheith acu, agus níos mó snaiceanna agus deochanna míshláintiúla a ithe. Is é aidhm fheachtas START uirlisí agus comhairle phraiticiúil a chur ar fáil do thuismitheoirí, chun gur féidir leo teorainneacha ar am scáileáin a shocrú, agus chun an teaghlach ar fad a spreagadh le bheith níos gníomhaí.

Seoladh feachtas ní lámh *safe*food den chéad uair in 2017. Craoladh arís in 2018 é. Measúnaíodh an feachtas tar éis na chéad chéime agus cuireadh tuilleadh leis in 2018.

Scaipeadh 4,600 paca nó mar sin ar réamhscoileanna. I ngach paca bhí bileog don fhoireann mar gheall ar a bhfeachtas, póstaer don Seomra Foirne, póstaeir ath-inúsáidte do sheomraí folctha mar gheall ar ní na lámh agus póstaer do thuismitheoirí le cur in airde sa bhaile chun an teachtaireacht a chur abhaile ar an bpáiste.

Gné spreagúil den fheachtas seo ab ea an carachtar beoite Rufus, an t-arracht míshlachtmhar, a d’fhéach le nósanna imeachta nite lámh a chur chun cinn i measc páistí faoi chúig bliana d’aois, agus iad a chosaint ar E.coli.

I dteannta na bpacaí a sheoladh chuig soláthraithe cúram leanaí, rinneadh fógraíocht ar an raidió, amuigh faoin aer (póstaeir shocraithe agus digiteacha agus póstaeir do chúl dhoras an tseomra folctha/ fógraíocht dhigiteach, fógraíocht ar an nGréasán agus ar na meáin shóisialta.

Bíonn an baol ó ionfhabhtú E.coli níos measa i bpáistí faoi chúig bliana d’aois agus is sa bhaile a tholgtar an E. coli go hiondúil. Mar sin féin, bhí 49 ráig E.coli i suíomhanna cúram leanaí idir 2020 agus 2016.

Formhuiníonn Luath-óige Éireann an feachtas seo, a thacaíonn le beartas maidir le sláinteachas lámh bunaithe ar na Rialacháin Cúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 2016 in PÉ agus íoschaighdeáin maidir le Feighlíocht Leanaí agus Cúram Lae do pháistí faoi 12 in TÉ.

# Operation Transformation

Chuaigh an 11ú sraith den chlár Operation Transformation a urraíonn ***safe*food** amach ar RTÉ in Eanáir/Feabhra ar feadh 8 seachtaine.
Is é aidhm an chláir daoine a spreagadh le meáchan a chailleadh, a bhféinmhuinín a mhéadú agus athruithe dearfacha a dhéánamh ar a n-aiste bia agus ar a stíl mhaireachtála.

Cuireadh teachtaireachtaí a d'urraigh ***safe*food** ar aon dul le feachtas START ag gabháil leis an seó ar an teilifís.

Thaispeáin an taighde gur chaill 56 % de na freagróirí a d'fhéach ar an seó os cionn 2.8 kg de mheáchan, an céatadán ba mhó i measc an lucht féachana go dtí seo.

# Feachtas sábháilteachta bia na Nollag

I mí na Nollag bhí foireann ***safe*food** ar fáil chun an strus a bheadh orthu siúd a bhí ag ullmhú dhinnéar na Nollag a laghdú. Is breá le daoine Lá Nollag. Is lá é nuair is féidir leat dinnéar speisialta traidisiúnta a bheith agat le do chairde agus do theaghlach. Ach is féidir leis a bheith deacair béile sábháilteacht blasta cothaitheach a ullmhú do ghrúpa móra gaolta agus cairde. Tá sé tábhachtach go gcloífí le cleachtais sláinteachais ionas go n-éiríonn duine ar bith breoite. Bhí neart ábhar ar shuíomh gréasáin ***safe*food** lena n-áirítear áiritheoir chun am cócarála turcaí a ríomh, físeáin ar conas rudaí éagsúla a dhéanamh, neart oideas do bhia blasta Nollag. Agus bhí Chefbot ***safe*food** ar fáil Lá Nollag féin chun aon cheist deiridh a fhreagairt trí theachtaire Facebook.

Ba é Lá Nollag 2018 an lá ba ghnóthaí riamh ar shuíomh Gréasáin ***safe*food**.

*Seoladh feachtas Nollag **safe**food*

# Oibríochtaí **Corparáideacha**

Cuirtear seirbhísí ar fáil sna réimsí seo a leanas: cuntasaíocht agus airgeadas, soláthar, acmhainní daonne, áiseanna theicneolaíocht na faisnéise, rialachas dlí agus iniúchadh, agus cabhraíonn siad go léir chun spriocanna agus straitéis ghnó ***safe***food a bhaint amach go héifeachtach.





An Bord Comhairleach

Eagraíodh seacht gcruinniú den Bhord Comhairleach in 2017, cúig cinn i mBaile Átha Cliath, ceann amháin i gCorcaigh agus ceann i mBéal Feirste. I dteannta na gcur chuige inmheánacha agus seisiúin mhionteagaisc ó fhoireann *safe*food, tugadh cuireadh d'aoichainteoirí áirithe labhairt leis an mBord ar thopaicí ar nós taighde margaidh ***safe*food** agus Tionscnamh na gClár Bia Pobail 2016-2018.

Cuirtear san áireamh i nóta 3 leis na Cuntais na sonraí tinrimh agus na táillí a íocadh le baill an Bhoird Chomhairligh.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Beirt bhall den Bhord Comhairleach (Mr. Paul mar aon le beirt bhall sheachtracha atá ar an gCoiste Iniúchóireachta. Téann duine amháin de na baill sheachtracha i gceannas ar chruinnithe. Tá taithí ghairmiúil fhairsing ag an mbeirt bhall seachtrach. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca i 2018. Fostaíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca iniúchóirí gairmiúla seachtracha chun clár iniúchtaí seachtracha a chur i gcrích agus athbhreithnítear go rialta an clár riosca féachaint a iomláine atá sé agus le cinntiú go mbíonn gach beart cuí chun rioscaí a rialú agus a mhaolú i bhfeidhm. Déanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus ciste agus Oifig Iniúchóireachta TÉ iniúchtaí seachtracha i bpáirt le chéile.

Tá ról neamhspleách ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Risoca chun dearbhú a sholáthar don Phríomhfheidhmeannach mar oifigeach cuntasaíochta agus don Bhord Comhairleach ar rialú inmheánach, bainistíocht riosca, iniúchadh agus cúrsaí dearbhaithe

## Ballraíocht agus tinreamh an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Líon na gCruinnithe 4 | 3 | 4 |
| Ms Margaret Campbell* | 3 | 3 |
| Mr Alan Myles | 2 | 3 |
| Mr Paul Gibbons | 3 | 3 |
| Mr Edmond Rooney | 3 | 4 |

*(Cathaoirleach)

## Cearta agus Duine agus an Comhionannas

Is é aidhm *safe*food an reachtaíocht Comhionannais agus Chearta an Duine a chomhlíonadh go hiomlán sa dá dhlínse. Rinneadh ***safe*food** monatóireacht in 2018 ar conas a bhí ag éirí leis na gealltanais atá leagtha amach ina Phlean do Ghníomhaíocht Míchumais 2016-2020 a bhaint amach. Cuireadh oiliúint rialta ar fáil don fhoireann ar fad chun feasacht ar cheisteanna míchumais agus comhionannais a mhéadú agus Cuireadh an Tuarascáil Bhliantúil ar Chomhionannas (a fhoilsítear ar agus an Plean Gníomhaíochta Míchumais ar aghaidh in am trátha chuig an gCoimisiún Comhionannais (TÉ). Is cuid de chlár earcaíochta ***safe*food** é daoine faoi mhíchumas a spreagadh le cur isteach ar phoist.

## Coiste Comhairleach

Faigheann ***safe*food** comhairle ó Choiste Comhairleach saineolaithe a bhfuil saineolas, taithí agus cúlraí gairmiúla éagsúla acu.

Is gníomh deonach é dul ar an gCoiste agus is é ról comhairle agus treoir theicniúil a thabhairt a chabhróidh le ***safe*food** straitéis a shocrú agus gnéithe de na Pleananna Corparáideacha trí bliaa agus de na Pleananna Gnó bliantúla a chomhlíonadh.

Is comhlánú é an Coiste Comhairleach ar Bhord Comhairleach ***safe*food** agus is é an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas a ainmnionn an dá struchtúr. Bhí dhá chruinniú ag an bhFóram in 2018:

## Nochtadh faoi Chosaint

Ceanglaíonn Alt 22 den Acht um Nochtadh faoi Chosaint 2014 go bhfoilseofaí tuarascáil bhliantúil maidir le líon na nochtaí

faoi chosaint a rinneadh sa bhliain roimhe sin agus chun aon fhaisnéis maidir le gníomhartha a rinneadh mar fhreagra ar nochtaí faoi chosaint a fhoilsiú.

Ní dhearnadh aon nochtadh faoi chosaint le *safe*food sa tréimhse tuairiscithe suas go dtí an 31 Nollaig 2017.

## Plean Gnó

Cuireadh an Plean Gnó 2019 i láthair an dá roinn urra i Lúnasa 2018.

## Dearbhú Leasanna

Líonann baill an Bhoird Chomhairligh isteach Dearbhú Leasanna gach bliain. Coimeádtar Clár Leasanna agus tá sé ar fáil ach é a iarraidh.

## Cuairt ón gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas

Chuir ***safe*****food** fáilte ó chroí roimh Sighle FitzGerald, Leas-Chomhrúnaí, An Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas (Roinn PÉ) agus a comhghleacaí Irene Smith chuig an bpríomhoifig i gCorcaigh i mBealtaine, chun tuilleadh a chloisteáil faoin méid a dhéanaimid agus faoi na dúshláin atá le sárú againn.




*Tugann baill den Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas cuairt ar phríomhoifig **safefood** i gCorcaigh.*

# Cur i láthair *safe*food os comhair Rialtais

Thug an Roinn Gnóthaí Eachtracha cuireadh do ***safe*****food** bheith páirteach i seisiúin mionteagaisc foirne - “Communicating with our People - How to Ensure Excellence in Public Outreach”.

I láthair ag an ócáid bhí foireann consalachta agus a bpáirtithe leasmhara chomh maith le foireann óifig den Mhisean Consalachta ar fud na hEorpa tri fhíschomhdháil. Pléadh smaointe agus obair ***safe*****food** agus bhí dearcadh an-dearfach ina leith ag na daoine a bhí i láthair.

I Meitheamh rinne ***safe*****food** cur i láthair os comhair Chomhchoitse an Oireachtais ar Ghnóthaí Leanaí agus Óige maidir le feachtas murtaill ***safe*****food**, acmhainní oideachais agus tionscadail taighde.

In Aibreán rinne ***safe*****food** cur i láthair ar fheachtas START do Choiste Comhshaoil agus Sóisialta Chomhdháil Parlaiminteach na Breataine na hÉireann maidir le hobair leanúnach an chosite ar mhurtall óige. Feisirí ó Westminster, ón Oireachtas agus ó institiúidí cineachta atá ar an gcoiste seo.

# Tuarascáil ar Thuarastail

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

Ceanglaíonn Tuarascálacha Bliantúla na gComhlachtaí Feidhmiúcháin Thuaidh/Theas agus an Treoir Cuntas a eisíonn an Roinn Airgeadais sa Tuaisceart agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa Deisceart, teidlíochtaí

tuarastail agus pinsin roinn ardoifigeach foirne a nochtadh. Bunaithe ar mheasúnú an Bhoird gur sárú a bheadh ann ar reachtaíocht cosanta sonraí na nochtaí seo a dhéanamh, ní dhearna safefood na nochtaí sin.

## Beartas tuarastail

Is é beartas tuarastail safefood aithris a dhéanamh ar thuarastail san earnáil phoiblí

agus ar thearmaí agus coinníollacha gach ball foirne. san áireamh i ngach grád pá ó íosphointe go huasphointe, ionas gur féidir dul in airde

## Bónais agus sochair chineálacha

Ní cuid de bheartas safefood é íocaíochtaí bónais a dhéanamh le baill na príomhfhoirne bainistíochta ná leis an bhfoireann. Níor íocadh aon bhónais in 2018 ná in 2016.

Níor cuireadh aon sochar comhchineálach ar fáil don phríomhbhainistíocht ná don fhoireann in 2018 ná in 2016.

## Bandaí tuarastail

Líon na bhfostaithe ag deireadh bliana ar thit a gcuid luachanna saothair (lena n-áirítear ranníocaíochtaí pinsin) laistigh de na bandaí seo a leanas (is ionann seo agus na luachanna saothair bhliantúla):

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| ¤20,000 - ¤30,000. | 2 | 1 |
| ¤30,001 - ¤40,000. | 5 | 6 |
| ¤40,001 - ¤50,000. | 5 | 7 |
| ¤50,001 - ¤60,000. | 8 | 4 |
| ¤60,001 - ¤70,000. | 2 | 4 |
| ¤70,001 - ¤80,000. | 3 | 2 |
| ¤80,001 - ¤90,000. | 4 | 3 |
| ¤90,001 – ¤100,000 | 0 | 2 |
| ¤100,001 – ¤110,000 | 1 | 1 |
| ¤110,001 – ¤120,000 | 1 | 0 |

## Conarthaí seirbhíse

Déantar gach ceapachán ardbhainistíochta agus príomhphoist eile de réir bheartas earcaíochta safefood a cheanglaíonn go ndéanfaí an ceapachán ar bhonn oiriúnachta agus inniúlachta.
Faigheann gach ball foirne conradh fostaíocht ar a gceapadh, ina mionsonraítear a dtéarmaí agus a gcoinníollacha. Déantar íocaíochtaí foirceannta de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha sin. Ní dhearnadh aon fhoirceannadh in 2018 ná níor íocadh cúiteamh nó pá scarúna.

## Tuarastal na príomhfhoirne bainistíochta

### Tuarastal

Tá tuarastal agus teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh leagtha amach i nóta 3(c) de na Ráitis Airgeadais.

Ar an bhFoireann Ardbhainistíochta tá an Príomhfheidhmeannach, An Stiúrthóir Oibríochtaí Corparáideacha, An Stiúrthóir Margaíochta agus Cumarsáide, an Stiúrthóir Eolaíocht Bia agus an Stiúrthóir Sláinte agus Cothú an Duine. Ba ionann €463,148 (GBP£408,751), 2017 €448,700 (GBP£393,362) an tuarastal iomlán a íocadh leis an bhFoireann Ardbhainistíochta.

## Socruithe pinsin

Baineann gach ball foirne agus bainistíochta leis an Scéim Pinsin Thuaidh/Theas a bunaíodh faoi na Comhlachtaí Feidhmiúcháin

Thuaidh/Theas agus Turasóireacht Éireann le héifeacht ón 29 Aibreán 2005. Scéim sochar sainithe is ea é a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead arna soláthar ag **Státchistí an RA agus na hÉireann.**

Cuireann an Roinn Sláinte ó Dheas agus an Roinn Sláinte ó Thuaidh cistiú ar fáil don chomhlacht. Riarthóir seachtrach a dhéanann an scéim a riaradh.

Nochtadh pá cothrom

Ceanglaítear ar *safe*food **tuarastal meánach na foirne a nochtadh.** Tá sé bunaithe ar thuarastal coibhéiseach lánaimseartha bliantúlaithe gach ball foirne ag 31 Nollaig 2018. Ceanglaítear air raon na luach saothair foirne a nochtadh, leis, mar aon leis an gcóimheas idir luach saothair meánach na foirne agus meánphointe

| | 2018 € | 2017 € | 2018 GB | 2017 GB |
|---|---|---|---|---|
| Meánphointe bhanda an stiúrthóra is airde pá | 112,608 | 106,904 | 99,625 | 93,720 |
| Tuarastal meánach na foirne | 53,809 | 52,717 | 47,605 | 46,215 |
| Cóimheas | 2.09 | 2.03 | 2.09 | 2.03 |
| Raon luach saothair na foirne | ¤29,634 go ¤112,608 | ¤30,025 go ¤106,904 | £26,217 go £99,625 | £26,322 go £93,720 |

Ba é €112,608 (GBP£93,720), 2016: €106,904 (GBP£93,720). Bhí sé sin 2.03 oiread tuarastal meánach an fhórsa oibre arb ionann é in 2018 agus €53,809 (GBP£46,215), 2017: €52,717 (£46,215).


Tá an tuarastal san áireamh sa luach saothair iomlán, murab ionann agus ranníocaíocht pinsin an fhostóra agus aistriú chomhionann airgid luach na bpinsean.

## Táillí an bhoird chomhairligh

| | 2018 € | 2017 € | 2018 GBP | 2017 GBP£ | 2018 Cruinnithe ar | 2017 Cruinnithe ar |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ms. Helen O Donnell | 11,970 | 12,079 | 10,590 | 10,589 | 7 | 7 |
| Paul Gibbons | - | - | - | - | 7 | 6 |
| Brendan Kehoe | 7,695 | 7,695 | 6,808 | 6,746 | 7 | 6 |
| Alan McGrath | 7,695 | 7,695 | 6,808 | 6,746 | 6 | 6 |
| Mary Upton | 7,695 | 7,695 | 6,808 | 6,746 | 7 | 7 |
| Mervyn Oswald | 5,917 | 5,971 | 5,235 | 5,235 | 5 | 6 |
| Margaret Jeffares | 7,695 | 7,695 | 6,808 | 6,746 | 5 | 5 |
| Dolores O'Riordan | - | - | - | - | 2 | 4 |
| Edmond Rooney | 5,917 | 6,276 | 5,235 | 5,502 | 7 | 7 |
| Wendy McIntosh | 5,917 | 6,276 | 5,235 | 5,502 | 6 | 7 |
| Stephen Moutray | 5,917 | 6,276 | 5,235 | 5,502 | 6 | 5 |

Bhí seacht gcruinniú ag an mBord Comhairle in 2018 (2017: 7). Ní bhfuair Mr. Paul Gibbons ná an

tOllamh Dolores O'Riordan táillí boird i ngeall ar an bprionsabal "Duine Amháin, Tuarastal Amháin". Ba é €66,368/GBP£58,716 (2017 ¤66,668/GBP£58,446) ná táillí iomlána a íocadh le baill an Bhoird Chomhairligh agus ba é ¤0/£0 (2017 ¤13/£11) an ranníocaíocht náisiúnta pinsin in 2018. Ní raibh aon táillí amuigh ag 31 Nollaig 2018 ná ní raibh aon mhéid dlite ag 31 Nollaig 2017. Níor cuireadh aon sochar comhchineálach ar fáil don ardbhainistíochta ná do bhaill an Bhoird
Chomhairligh. D'éiligh baill an Bhoird Chomhairligh ¤10,844/GBP£9,594 (2017 ¤7,660/GBP£6,715) chun costais taistil agus cothabhála a chlúdach. Áirítear an méid seo i gcostais taistil agus cothabhála a nochtadh i nóta 4.



# Cuntais 2018


| | |
|---|---|
| Réamhrá leis na Cuntais | 37 |
| Ráiteas ar na Freagrachtaí | 39 |
| Ráiteas ar an Rialú Inmheánach / Ráiteas Rialachais | 40 |
| Deimhniú agus Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 46 |
| Ráiteas ar an Ioncam agus ar an gCaiteachas | 45 |
| Ráiteas ar an Ioncam Cuimsitheach | 50 |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais | 51 |
| Ráiteas ar na Sreafaí Airgid | 52 |
| Ráiteas ar Athruithe sa Chothromas | 53 |
| Nótaí leis na Cuntais | 50 |
| Aguisín 1 - Treo na gCuntas | 70 |




**Ioncam**
Deontais Ioncam ó Scaoileadh
Deontas Caipitil na Roinne

2(a)
9

dliteanais na scéime ag corprú coinníollacha an mhargaidh agus sonraí scéime ag 31 Nollaig 2018. An bunairgead

# AN BORD UM CHUR CHUN CINN NA SÁBHÁILTEACHTA BIA

# CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH

# 31 NOLLAIG 2018

# AN CLÁR


| | |
|---|---|
| Réamhrá leis na Cuntais | 3 |
| Ráiteas ar na Freagrachtaí | 7 |
| Ráiteas ar an Rialú Inmheánach / Ráiteas Rialachais | 8 |
| Deimhniú agus Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 11 |
| Ráiteas ar an Ioncam agus ar an gCaiteachas | 13 |
| Ráiteas ar an Ioncam Cuimsitheach | 14 |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais | 15 |
| Ráiteas ar na Sreafaí Airgid | 16 |
| Ráiteas ar Athruithe sa Chothromas | 17 |
| Nótaí leis na Cuntais | 18 |
| Aguisín 1 - Treo na gCuntas | 32 |

## Réamhrá leis na Cuntais 41

### 1. Leagan amach

Ullmhaíodh na cuntais seo san fhoirm a d'ordaigh an Roinn Sláinte (Tuaisceart Éireann) agus an Roinn Sláinte (Éire) le ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Éire) agus an Roinn Airgeadais (TÉ) agus de réir shocruithe airgeadais Chuid 7 d'Iarscríbhinn 2 leis an Acht um Chomhaontú na Breataine - na hÉireann 1999 agus an Ordaithe um Chomhar Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Feidhmiúcháin) (Tuaisceart Éireann) 1999.

### 2. Eolas Cúlra

Comhlacht Feidhmiúcháin is ea an Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia, a bunaíodh faoi Chomhaontú Bhéal Feirste an 2 Nollaig 1999. Is í reachtaíocht rialaithe an Bhoird Comhaontú na Breataine-na hÉireann agus an tOrdú um Chomhar Thuaidh-Theas (Comhlachtaí Feidhmiúcháin) (Tuaisceart Éireann) 1999.

Bronnann an reachtaíocht rialaitheach na feidhmeanna seo a leanas:

- Sábháilteacht bia a chur chun cinn
- Taighde a dhéanamh ar shábháilteacht bia
- Fógraí bia a chur in iúl
- Faireachas ar ghalair bhia-iompartha
- Comhar eolaíoch agus nascaíochtaí idir saotharlanna a chur chun cinn
- Áiseanna éifeachtachta ó thaobh costais a fhorbairt do thástáil speisialaithe saotharlainne

Le cois an mhéid thuas, tá sainordú ginearálta ag an mBord chun gníomhú mar fhoinse neamhspleách comhairle eolaíche.

Oibríonn an Bord um Chur chun Cinn na Sábháilteachta Bia faoin ainm branda '*safe*food'.

## 3. Rialachas

An Príomhfheidhmeannach a chomhlíonann feidhmeanna an Bhoird agus tuairiscíonn sé/sí don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (NSMC). Faigheann an Príomhfheidhmeannach cúnamh ó Bhord Comhairleach agus ó Choiste Comhairleach Eolaíochta. Ba iad baill an Bhoird Chomhairligh sa bhliain 2018:

**Bord Comhairleach 2018**

| | |
|---|---|
| Ms. Helen O Donnell | (Cathaoirleach) |
| Mr. Paul Gibbons | (Leas-Chathaoirleach) |
| Mr. Brendan Kehoe | |
| Mr. Alan McGrath | |
| Dr. Mary Upton | |
| Mr. Mervyn Oswald | |
| Ms. Margaret Jeffares | |
| An tOllamh Dolores O'Riordan | |
| Dr. Edmond Rooney | |
| Ms. Wendy McIntosh | |
| Mr. Stephen Moutray | |

**Bord Comhairleach 2018**

Tá Coiste Comhairleach ***safe*food** comhdhéanta de 12 bhall ó raon leathan disciplíní agus saineolas éagsúil atá ar fáil sa dá dhlínse agus cuireann sé comhairle ar an gcoiste maidir leis na heolaíochtaí bia, an slabhra agraibhia, cothú sláinte poiblí, oideachas, iompar tomhaltóirí, cumarsáid agus gnóthaí pobail agus deonach.

## 4. Torthaí Airgeadais

Gheofar torthaí an Bhoird um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia leagtha amach ar leathanach 13. I 2018, thabhaigh an Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia €8,439,541 (£7,466,546) de chaiteachas agus fuair sé €8,615,920 (£7,622,590) d'ioncam, a d'fhág €176,379 (£156,044) de bharrachas don bhliain I 2017, thabhaigh an Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia €8,393,095 (£7,357,975) de chaiteachas agus fuair sé €8,440,838 (£7,399,830) d'ioncam, a d'fhág €47,743 (£41,855) de bharrachas don bhliain.

## 5. Imeachtaí iarChlár Comhardaithe/Dliteanais Theagmhasacha

Ní raibh aon imeacht iar-chlár comhardaithe ná dliteanas teagmhasach ann. Tá dliteanas teagmhasach mar atá tuairiscithe i nóta 19 leis na cuntais maidir le haighneachtaí chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre maidir le ranníocaíochtaí pinsin.

## 6. Bronntanais Charthanúla

Ní dhearnadh ná ní bhfuarthas aon bhronntanas carthanúil i gcaitheamh na bliana.

## 7. Beartais

Fostaithe faoi Mhíchumas

Comhlíonann an Bord riachtanais Chuid 5 den Acht Míchumais 2005 ó thaobh tacú le fostú daoine faoi mhíchumas agus geallann sé tacú i gcónaí le beartas comhdheiseanna agus cuirtear fáilte roimh iarratais ó iarratasóirí cuícháilithe beag beann ar mhíchumas. Eisíodh plean gníomhaíochta míchumais sa bhliain 2011 chun dearcthaí dearfa a chothú i leith daoine faoi mhíchumas

Comhionannas

Eisíodh Scéim Chomhionannais faofa an Bhoird i Meán Fómhair 2011 agus tá athbhreithniú

leanúnach á dhéanamh ag ***safe*****food**.

Eolas a Sholáthar d'Fhostaithe agus Dul i gComhairle Leo

Cuireadh Fóram Comhpháirtíochta Fostaithe i bhfeidhm le linn 2018 mar mhodh comhairliúcháin leis na fostaithe.

Beartas Íoc Pras agus feidhmíocht an bheartais

Geallann an Bord íoc go pras as earraí agus seirbhísí faighte, de réir an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a leasaíodh le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2013 agus an UK Late Payment of Commercial Debts (Interest) Act, 1998, a leasaíodh leis na Late Payment of Commercial Debts Regulations, 2002. Mura ndeirtear a mhalairt sa chonradh, dlitear íocaíocht laistigh de 30 lá ó fháil na n-earraí nó na seirbhísí, nó ar sonrasc bailí nó éileamh dá shórt a bheith curtha isteach, cibé acu is déanaí. In 2018 íocadh 99% (2017 87%) de na sonraisc uile laistigh de 30 lá.

Beartas Slainte & Sábháilteachta

Tá beartas Sláinte & Sábháilteachta i bhfeidhm ag an mBord, agus scaipeadh é ar na fostaithe uile. Léiríonn an beartas na riachtanais dhlíthiúla ardchaighdeáin a choimeád ar fud na heagraíochta.

## 8. Forbairt Amach Anseo

Tá Straitéis Chorparáideach an Bhoird do na blianta 2017-2019 curtha i dtoll a chéile agus ag feitheamh ar cheadú i láthair na huaire. Níor cheadaigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas Plean Gnó FSPB do 2018 de bhrí nach raibh an comhlacht seo i mbun oibre i 2018. Mar sin féin, chuir na na ranna maoinithe socruithe eile i bhfeidhm chun gur féidir le ***safe*****food** leanúint dá chuid oibre.

Leagtar amach sa Straitéis seo misean, fís agus croíluachanna an Bhoird agus an tslí a gcuirfidh an Bord gach ceann dá fheidhmeanna i bhfeidhm in imeacht trí bliana. Déantar measúnú bliantúil ar an straitéis i bhfianaise an phlean ghnó bhliantúil.

Ba é €7,480,000 (£6,732,000) an caiteachas buiséadaithe do 2019.

Is féidir go mbeidh tionchar ag cinneadh na Ríochta Aontaithe imeacht as an Aontas Eorpach ar oibríochtaí ***safe*****food**. Ní léir fós an tionchar a bheidh i gceist.

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta

Tá ordú tugtha ag an Roinn Sláinte (Poblacht na hÉireann) agus ag an Roinn Sláinte (Tuaisceart Éireann) don Bhord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia ráiteas cuntas a ullmhú maidir le gach bliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig san fhoirm agus ar an mbonn atá leagtha amach in ordú na gcuntas san aguisín leis na Cuntais seo. Ullmhaítear na Cuntais ar bhonn fabhraithe agus ní mór dóibh léiriú fírinneach a thabhairt ar staid an Bhoird ag deireadh bliana agus ar ioncam agus caiteachas an Bhoird, ar athruithe i gcothromas agus ar shreafaí airgid sa bhliain féilire.

Agus na cuntais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- Aird a thabhairt ar an ordú cuntas a d'eisigh an Roinn Sláinte (PÉ) agus an Roinn Sláinte (TÉ) lena n-áirítear na riachtanais ábhartha cuntasaíochta agus nochta, agus beartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm ar bhonn comhleanúnach;
- Breitheanna agus meastacháin a dhéanamh ar bhonn réasúnta;
- A rá cibé ar cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme agus aon imeacht ábhartha sna cuntais a nochtadh agus a mhíniú;
- Na cuntais a ullmhú ar bonn gnóthais leantaigh, ach amháin más neamhchuí a cheapadh go leanfaidh sé dá ghnó.

<u>Freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh</u>

Leagtar amach i Meamram Airgeadais an Chomhlachta freagrachtaí an phríomhfheidhmeannaigh, mar an Duine Freagrach maidir leis na mBord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia, lena n-áirítear freagracht as oiriúnacht agus rialtacht an airgeadais phoiblí agus as taifid a choinneáil.

Raymond Dolan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta: 15 Deireadh Fómhair 2019

## Ráiteas ar an Rialú Inmheánach / Ráiteas Rialachais

### 1. Scóip na Freagrachta

Mar an Oifigeach Cuntasaíochta, tá sé de chúram ormsa córas fónta rialaithe inmheánaigh a choinneáil a thacaíonn le comhlíonadh spriocanna, aidhmeanna agus cuspóirí an Bhoird agus a chosnaíonn cistí poiblí agus sócmhainní na Roinne a bhfuil freagracht phearsanta ormsa ina dtaobh, de réir na bhfreagrachtaí a sannadh dom in Airgead Poiblí Thuaisceart Éireann a Bhainistiú agus i Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí.

Leagtar amach i Meamram Airgeadais an Bhoird an chuntasacht chruinn agus an struchtúr tuairiscithe, mar aon le hathbhreithniú agus ról monatóireachta ar an dá Roinn urraíochta (an Roinn Sláinte (TÉ) agus an Roinn Sláinte (Éire). Lena chois sin, mar Phríomhoifigeach Cuntais, táim cuntasach do na coistí cuntas poiblí i ngach ceann den dá dhlínse.

### 2. Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Dearadh an córas rialaithe inmheánaigh chun bainistíocht a dhéanamh ar riosca go leibhéal réasúnta seachas deireadh a chur le gach riosca nach mbainfear amach beartais, aidhmeanna agus cuspóirí; mar sin ní féidir leis ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú amach is amach a thabhairt. Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar phróiseas leanúnach a dearadh chun rioscaí do bhaint amach beartais, aidhmeanna agus cuspóirí an Bhoird a aithint agus a chur in ord tosaíochta, chun dóchúlacht gach riosca díobh sin agus an tionchar a bheadh acu dá dtitfidís amach a mheas, agus chun iad a bhainistiú go héifeachtach. Bhí an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm sa Bhord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus suas go dtí dáta formheasta na Tuarascála Bliantúla agus na gCuntas, agus tá sé ar aon dul le treoir na Ranna Airgeadais.

### 3. An Cumas chun Riosca a Láimhsiú

An Ardfhoireann Bainistíochta atá freagrach as an bpróiseas bainistíochta rioscaí a chur i bhfeidhm agus a mhaoirsiú faoi threoir uaimse chun a chinntiú go mbíonn an próiseas ag obair faoi mar is ceart. Le cois athbhreithniú a dhéanamh ar chreat iomlán na rioscaí, déantar athbhreithniú ar gach moladh a fhaightear ó na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, agus tugtar rialuithe isteach nó breisítear iad nuair is gá.

Bítear ag súil go n-oibreoidh gach ball foirne laistigh de na beartais bhunaithe ar riosca agus ar rialú inmheánacha, agus cuirtear oiliúint chuí orthu ina fhianaise sin.

## 4. An Creat Riosca agus Rialaithe

Tá clárleabhar rioscaí agus maitrís measúnaithe riosca ceaptha ag an mBord. Aithnítear riosca ar an leibhéal bunúsach agus ar an leihéal rialaithe araon ag an tráth a mbíonn pleananna agus straitéisí gnó á gcur i dtoll a chéile. Tá creat ceaptha ag an mBord maidir le heolas bainistíochta rialta, athbhreithniú ar athraitheas, agus nósanna imeachta riaracháin agus rialaithe (lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus cuntasacht).

Áirítear air chomh maith:

- Córais chuimsitheacha buiséadta agus an buiséad bliantúil le bheith faofa ag an bPríomhfheidhmeannach;
- Nósanna imeachta chun na buiséid a athbhreithniú agus a aontú leis an Ardfhoireann Bainistíochta;
- Tuarascálacha rialta airgeadais a ullmhú mar bhonn le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn.

In 2018 cabhair ab ea tuairimí na nIniúchóirí Inmheánacha agus Seachtracha agus Choiste Iniúchóireachta an Bhoird Chomhairligh agus an creat riosca agus rialaithe á athbhreithniú.

## 5. Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

I mo cháil mar an oifigeach cuntasaíochta, táim freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an córas rialaithe inmheánaigh. Is éard a bhíonn mar bhonn eolais faoin athbhreithniú a dhéanaim ar an gcóras rialaithe inmheánaigh obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus na bainisteoirí feidhmiúcháin a bhfuil sé de chúram orthu an creat rialaithe inmheánaigh a cheapadh agus a chothabháil, agus tuairimí a thugann na hiniúchóirí seachtracha ina litir bhainistíochta agus i dtuarascálacha eile. Tá plean i bhfeidhm chun díriú ar laigí agus a chinntiú go mbeidh an córas ag dul i bhfeabhas i gcónaí.

Seo a leanas na gníomhaíochtaí a thacaíonn leis an athbhreithniú ar éifeachtúlacht:

- D'athbhreithnigh an t-Ardfhoireann Bainistíochta an Buiséad Bliantúil a d'fhaomh na Ranna Coimircíochta, go háirithe aon imeacht ó ghníomhaíocht bheartaithe;
- Coimeádadh an creat um bainistíocht riosca faoi athbhreithniú leanúnach agus cuireadh clárleabhar riosca nuashonraithe faoi bhráid Choiste Iniúchóireachta agus Riosca;

Rinne na hIniúchóirí Inmheánacha athbhreithniú i Samhain 2018 ar na Rialuithe Inmheánacha Airgeadais a bhí i bhfeidhm i Nollaig 2018 agus a d'athbhreithnigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca. Ar bhonn na tuarascála sin, táim sásta go bhful córais agus rialuithe láidre i bhfeidhm chun príomhrioscaí aitheanta a mhaolú. Fuarthas a tuarascáil iniúchta comhlíontadh substaintiúil le córais bhunaithe agus le rialuithe inmheánacha airgeadais. Ní bhfuarthas aon torthaí ardriosca a bhféadfadh cailliúint ábhartha airgeadais nó idirbhriseadh oibríochtúil a bheith mar thoradh orthu agus taobh amuigh de dhá fhadhb, a measadh ina laigí meánacha, fuarthas go bhfuil na rialuithe a tástáladh ag obair go héifeachtach. Léiríonn an measúnú ar rinne na hiniúchóirí inmheánacha go dtugann dearadh agus éifeachtúlacht oibriú na rialuithe inmheánacha airgeadais dearbhú iomlán. Thaispeáint an obair iniúchóireachta go bhfuil córais agus rialuithe láidre i bhfeidhm chun príomhrioscaí aitheanta a mhaolú agus go ngéilltear go substaintiúil do chórais agus do rialuithe bunaithe. Ina theannta sin, iarradh ar na hiniúchóirí inmheanacha athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus oibriú an chórais agus na rialuithe maidir le gníomhaíochtaí taighde. Áiríodh i raon an iníúchta athbhreithniú ar bheartais agus ar nósanna imeachta doiciméadaithe maidir le gníomhaíochtaí taighde, gnníomhaíochtaí soláthair taighde agus nósanna imeachta meastóireachta agus íoctha tionscadal taighde. Fuarthas sa tuarascáil go raibh comhlíonadh substaintiúil ann i gcás córais bhunaithe. Ní bhfuarthas aon torthaí ardriosca a bhféadfadh cailliúint ábhartha airgeadais nó idirbhriseadh oibríochtúil ag Safe*food* a bheith mar thoradh orthu agus taobh amuigh d'fhadhb amháin, a measadh ina laige meánach, fuarthas go bhfuil na rialuithe a tástáladh ag obair go héifeachtach.

Raymond Dolan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta: 15 Deireadh Fómhair 2019

## Deimhniú ARC&C

AN BORD UM CHUR CHUN CINN NA SÁBHÁILTEACHTA BIA
DEIMHNIÚ ARD-REACHTAIRÍ AGUS INIÚCHÓIRÍ CUNTAS CHOMHDHÁIL THUAISCEART ÉIREANN AGUS TITHE AN OIREACHTAIS

### Tuairim ar na cuntais

Deimhnímid go bhfuil iniúchadh déanta againn ar chuntais an Bhoird um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia ('an Comhlacht') don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 de bhun fhorálacha Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999 lena gcleanglaítear orainn na cuntais a chuireann an Comhlacht faoinár mbráid a iniúchadh agus a dheimhniú, i gcomhar.
Tá na cuntais sin comhdhéanta de:

- an ráiteas ioncaim;
- an ráiteas ar an ioncam cuimsitheach;
- an ráiteas ar an staid airgeadais;
- an ráiteas ar an sreabhadh airgeadais;
- an ráiteas ar athruithe ar chothromas; agus
- na nótaí gaolmhara lena n-áirítear beartais shuntasacha cuntasaíochta.

Ullmhaíodh na cuntais seo faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach laistigh díobh.
Inár dtuairim, tugann na cuntais:

- léiriú fírinneach agus cothrom ar ghnóthaí an Bhoird amhail ag 31 Nollaig 2018 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain a chríochnaigh ansin; agus
- ullmhaíodh na cuntais de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann (FRS 102) agus threo na gcuntas san aguisín leis na cuntais.

### Tuairim ar rialtacht

Inár dtuairim, cuireadh an caiteachas agus an t-ioncam a taifeadadh sna cuntais chun feidhme do na cuspóirí dár ceapadh iad i gComhdháil Thuaisceart Éireann agus i dTithe an Oireachtais ar gach slí ábhartha agus tá na hidirbhearta airgeadis atá tuairiscithe sna cuntais i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

### An Bonn leis an Tuairim

Rinneamar an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh. Déantar cur síos eile ar na freagrachtaí atá orainn faoi na caighdeáin sin i bhfreagrachtaí an Iniúchóra as an iniúchadh ar an roinn cuntas den deimhniú seo. Táimid neamhspleách ar an gComhlacht de réir riachtanais eiticiúla Chód Leasaithe Eiticiúil na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais 2016 agus an Chóid Eitice atá eisithe ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nArd-Institiúidí Iniúchta agus tá ár bhfreagrachtaí eiticiúla comhlíonta againn de réir na riachtanas sin.
Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte againn leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a chur lenár dtuairim.

### Eolas seachas na cuntais

Chuir an Comhlacht faisnéis áirithe eile ar fáil i dteannta na ráiteas airgeadais. An tuarascáil bhliantúil, an réamhrá leis na cuntais, an ráiteas ar rialú inmheánach/ráiteas ar rialachas agus an ráiteas ar luach saothair atá i gceist. Ní chlúdaíonn ár dtuairim ar na cuntais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál dearbhaithe maidir leo.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na cuntais, is é ár bhfreagracht an t-eolas eile a léamh agus lena linn breithniú a dhéanamh ar cibé an bhfuil an t-eolas eile neamhréireach go hábhartha leis na cuntais nó leis an eolas a fuaireamar san iníúchadh, nó an bhfuil an chuma air gur míráiteas ábhartha é ar shlí ar bith eile. Má dhéanaim amach, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go bhfuil míráiteas ábhartha san fhaisnéis eile seo, ceanglaítear orainn é sin a thuairisciú.
Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

### Nithe a dtuairiscímid orthu de réir eisceachta

Níl aon rud le tuairisciú againn i dtaca leis na nithe seo a leanas a thuairiscímid, más amhlaidh, inár dtuairim:

- nach bhfuaireamar gach faisneis agus míniú a bhí de dhíth orainn dár n-iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntais chun na cuntais a iniúchadh go réidh agus go cuí, nó

- nach bhfuil na cuntais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta, nó
- ní léiríonn an ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh/rialachais comhlíonadh na treoracha infheidhme ar rialachas corparáideach.

### Freagrachtaí an Chomhlachta agus an Oifigigh Chuntasaíochta as na cuntais

Mar a míníodh ar shlí níos iomláine sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí, tá an Comhlacht freagrach as ullmhú na gcuntas de réir na treorach cuntas atá tugtha san aguisín leis na cuntais agus as bheith sásta go dtugann siad léiriú fírinneach . Tá an tOifigeach Ainmnithe, ina cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, freagrach as cinntiú go mbíonn oiriúnacht agus rialtacht ann i dtaca leis an úsáid a bhaintear as cistí poiblí.

### Freagrachtaí na nIniúchóirí

Is é ár bhfreagracht na cuntais a iniúchadh de réir fhorálacha an Ordaithe um Chomhar Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Feidhmiúcháin) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus Acht Chomhaontú na Breataine - na hÉireann agus tuairisciú maidir leo chuig Comhdháil Thuaisceart Éireann agus chuig Tithe an Oireachais.

Is é ár gcuspóir, agus an t-iniúchadh seo á dheánamh, dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadis, ina n-iomláine, saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Is ionann dearbhú réasunta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go mbraithfear i gcónaí in iniúchadh a dhéanfar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, míráiteas ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh míráitis teacht chun cinn de dheasca calaoise nó earráide agus meastar gur ráitis ábhartha iad, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, má mheastar go bhfuil ionchas réasúnta ann go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamúla úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na gcuntas seo.

Mar chuid den iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, tugaim mo bhreithiúnas gairmiúil agus cloím le seasamh gairmiúil sceipteachais ó thús deireadh an iniúchta agus sa mhéid sin:

- Aithnímid agus déanaimid measúnú ar na rioscaí maidir le míráiteas ábhartha i gcás na gcuntas cibé de dheasca caloise nó earráide; nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin a dhearadh agus a fheidhmiú; agus fianaise iniúchta a fháil atá leordhóthanach agus cuí chun bonn a chur faoi mo thuairim. Is airde an riosca nach mbraifear míráiteas ábhartha de dheasca calaoise ná de dheasca earráide, de bhrí gur féidir go mbeadh oibriú as lámh duine, falsaitheacht, faillí tolach, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach i gceist i gcalaois.
- Faighimid tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta a dhearadh atá iomchuí sna tosca, ach ní chun tuairim a habhairt ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Measaimid a iomchuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáidtear agus a réasúnta atá na meastacháin chuntasaíochta agus na nochtaí gaolmhara.
- Tagaimid ar chinneadh bunaithe ar a chuí atá úsáid an bhoinn gnóthais leantaigh cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, cibé an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Bhoird Pleanála chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má dhéanaimid amach go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a dhíriú i mo thuarascáil ar na nochtaí gaolmhara sna ráitis airgeadais, nó mura leor na nochtaí sin, más amhlaidh gur leor na nochtaí sin, chun mo thuairim a mhionathrú. Bunaím mo chonclúidí ar an fhianaise iniúchta a fhaightear go dáta m'iniúchta. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó dáltaí todhchaí cúis a thabhairt don Chomhlacht chun scor de leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar iomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaí agus cibé an dtugann na ráitis airgeadais léiriú ar na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar shlí a thugann léiriú cothrom.

Déanaimid cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas, maidir le nithe lena n-áirítear scóp beartaithe agus amú an iniúchta agus torthaí suntasachta ar an iniúchadh, lena n-áiritear aon laige shuntasach sa rialú inmheánach a aithnim le linn ár n-iniúchadh.

Anuas ar sin, is gá dúinn dóthain fianaise a fháil chun dearbhú réasúnta a thabhairt gur cuireadh an caiteachas agus an t-ioncam atá taifeadta sna cuntais i bhfeidhm chun na gcríoch a cheap Chomhdháil Thuaisceart Éireann agus Tithe an Oireachtais agus go bhfuil na bearta airgeadais ar aon dul leis na húdaráis a rialaíonn iad.

*Seamus McCarthy*
*Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na hÉireann*
*3A Sráid an Mhéara Uachtarach*
*Baile Átha Cliath 1*
*DO1 PF72*

*25 Deireadh Fómhair 2019*

*Kieran Donnelly*
*Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Thuaisceart Éireann*
*Oifig Iniúchta Thuaisceart Éireann*
*106 Sráid na hOllscoile*
*Béal Feirste*
*BT7 1EU*

*31 Deireadh Fómhair 2019*

## RÁITEAS AR AN IONCAM AGUS AR AN GCAITEACHAS
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 2018<br>€ | 2017<br>€ | 2018<br>£ | 2017<br>£ |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | | |
| Deontas Ioncaim ó Ranna | 2(a) | 7,522,463 | 7,437,111 | 6,655,198 | 6,519,892 |
| Scaoileadh an Deontais Chaipitil | 9 | 129,457 | 117,727 | 114,532 | 103,208 |
| | | 7,651,920 | 7,554,838 | 6,769,730 | 6,623,100 |
| Ioncam Eile | 2(b) | 964,000 | 886,000 | 852,860 | 776,730 |
| **Ioncam Iomlán** | | 8,615,920 | 8,440,838 | 7,622,590 | 7,399,830 |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Costais Foirne | 3(b) | 2,962,958 | 2,929,718 | 2,621,359 | 2,568,396 |
| Costais an Bhoird | | 66,368 | 66,681 | 58,716 | 58,457 |
| Dímheas | 6 | 129,457 | 117,727 | 114,532 | 103,208 |
| Caiteachas ar an gClár Taighde | 5 | 1,168,400 | 1,581,496 | 1,033,695 | 1,386,451 |
| Gníomhaíochtaí Cur chun Cinn | 12 | 2,756,493 | 2,417,391 | 2,438,697 | 2,119,254 |
| Costais Oibríochta Eile | 4 | 1,355,865 | 1,280,082 | 1,199,547 | 1,122,209 |
| **Caiteachas Iomlán** | | 8,439,541 | 8,393,095 | 7,466,546 | 7,357,975 |
| **Barrachas / (Easnamh) don bhliain** | | 176,379 | 47,743 | 156,044 | 41,855 |
| An méid a aistríodh chuig an gCúlchiste Ginearálta | 13 | 176,379 | 47,743 | 156,044 | 41,855 |

Baineann na méideanna thuas le gníomhaíochtaí leantacha.

Cuid de na cuntais seo is ea na nótaí ar leathanaigh 18 go 31, mar aon le hAguisín 1 ar leathanach 32

Raymond Dolan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta: 15 Deireadh Fómhair 2019

## RÁITEAS AR AN IONCAM CUIMSITHEACH
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 2018 € | 2017 € | 2018 £ | 2017 £ |
|---|---|---|---|---|---|
| Barrachas (Easnamh) don tréimhse | | 176,379 | 47,743 | 156,044 | 41,855 |
